PÁIRTNÉIREACHT
CHÚRAIM LEANAÍ
AN TUAISCIRT

Cúram

Leanaí

Na

Roghanna

SLÁINTE Á CUR CHUN CINN

Bord Sláinte
agus Seirbhísí Sóisialta
an Tuaiscirt

CÚRAM Á CHINNTIÚ

RÉAMHRÁ

Is grúpa d'fhorais reachtúla agus dheonacha é Páirtnéireacht Chúraim Leanaí an Tuaiscirt is gá a bheith ann de réir dlí chun cúram leanaí agus taithí shúgartha páistí suas go dtí 14 bliana d'aois a fheabhsú i ngach comharsanacht taobh istigh dá limsitéar. Táimid go mór i bhfách leis an rogha a bhíonn ar fáil ag tuismitheoirí a fheabhsú agus le dea-chaighdeán a chur chun cinn i measc soláthraithe uile cúraim leanaí.

Faoi Chúram Leanaí clúdaítear cúram lae príobháideach i naíolanna, feighlithe linbh, grúpaí súgartha réamhscoile, cumainn iarscoile agus creiseanna.

Is í an aidhm atá leis an leabhrán seo cuidiú le tuismitheoirí na roghanna sin a dhéanamh tríd eolas a chur ar fáil faoi gach gné de chúram leanaí. Sa leabhrán tugtar liosta ceisteanna is féidir le tuismitheoir a chur agus seiceálacha caighdeáin agus sábháilteachta sula gcuireann sé/sí páiste faoi chúram daoine eile. Ba iad Karen Young agus Bernie Brown a scríobh an leabhar, ar Oibrithe Sóisialta Sinsearacha iad beirt atá lonnaithe i bhFoirne Luathbhlianta Iontaobhais Causeway agus Homefirst. Tá dualgas reachtúil ar na hIontaobhais maidir le clárú agus scrúdú a dhéanamh ar gach soláthar cúraim leanaí ina gcaitheann páiste níos mó ná 2 uair an chloig in aon lá ar bith.

Tá súil ag an Pháirtnéireacht go gcuideoidh an leabhrán seo libh, a thuismitheoirí, an socrú ceart maidir le cúram leanaí don pháiste agat a aimsiú bunaithe ar eolas agus ar chomhairle ardchaighdeáin. Fáiltíonn muid roimh do thuairimí ar an leabhrán é féin agus ar aon ghné den chúram leanaí i do chomharsanacht féin agus is féidir sin a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh linn ag na huimhreacha thíos. Muna bhfuil an fhormáid ina bhfuil an t-eolas leagtha amach ag fóirstean duit, déan teagmháil linn, le do thoil, chun malairtí formáide a phlé.

John Fenton
Cathaoirleach Pháirtnéireacht Chúraim Leanaí an Tuaiscirt
Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Tuaiscirt

Teil: 028 2566 7662
Téacs Fón: 028 2566 2618
www.northernchildcare.com
r-phost: info@northernchildcare.com

Ceantar Bhord Sláinte agus
Seirbhísí Sóisialta
an Tuaiscirt

Coleraine – Cúil Raithin; Ballymoney – Baile Monaidh; Moyle – An Mhaoil; Magherafelt – Machaire Fíolta; Ballymena – An Baile Meánach; Larne – Latharna; Cookstown – An Chorr Chríochach; Antrim – Aontroim; N'Abbey – B'na Mainistreach C'fergus – C'Fhearghasa.

INTREOIR

Tá réimse de roghanna éagsúla ar fáil ag tuismitheoirí atá ag lorg cúram lae dá bpáistí. I gcás tuismitheoirí atá ag obair is iad na trí rogha mhóra ná feighlithe linbh, naíolanna lae agus cúram taobh amuigh den scoil, ar an ábhar gur minic cúram feadh an lae lánaimseartha a bhíonn á chur ar fáil acu.
Is iad na roghanna eile ná grúpaí súgartha, creiseanna agus naíonraí; de ghnáth is ar bhonn seisiúin nó ar bhonn páirt-aimseartha a bhíonn na cinn seo á reáchtáil.
Diomaoite de naíonraí, caithfear gach áis churaim lae do leanaí a chlárú leis na Seirbhísí Sóisialta.
Is fearr le roinnt teaghlach buime a fhostú le theacht isteach sa teach acu. Faoi láthair ní chaithfidh buimí bheith cláraithe leis na Seirbhísí Sóisialta.

Más tuismitheoir thú atá ag obair cá huair ba cheart duit tosú ag smaoineamh ar chúram leanaí a roghnú? A luaithe agus is féidir an freagra simplí. Sula saolaítear do leanbh beidh deis agat na roghanna atá ar fáil i do cheantar féin a bhreathnú, do mhachnamh a dhéanamh ar an soláthar is fearr duit féin agus do do leanbh, agus cuairt a thabhairt ar roinnt áiteanna chun tuilleadh eolais a fháil. Agus cuimhnigh seo, is féidir go mbeidh liosta feithimh ann. Mar sin de, beidh ort pleanáil roimh ré agus do rogha cúraim leanaí a chur in áirithe chomh luath agus is féidir.

Ar dtús déan amach liosta de rudaí atá tábhachtach, dar leat – mar shampla, cúram duine le duine, nó cúram grúpa, agus an dóigh a bhfeilfidh seo do na huaireanta oibre agat. Caithfear cúrsaí airgid a chur san áireamh – bíonn duifear sna táillí a ghearrtar, cé gur féidir go mbeidh cuidiú ar fáil do thuismitheoirí atá ag obair.

Anuas air sin cuir san áireamh an chomharsanacht ina bhfuil an cúram ar fáil – an fiú an cúram leanaí is fearr ar domhan má bhíonn ort turas fada strusmhar a chur ort féin chun do pháiste a fhágáil ann agus a thógáil.

Agus má tá rún agat páiste eile a bheith agat amach anseo is fiú sin a chur san áireamh chomh maith mar go mbeidh ort cúram lae a shocrú a riarfaidh ar riachtanais pháistí ag aoiseanna éagsúla.

Agus ná dearmad, lena chois sin, go mbíonn riachtanais éagsúla ag páistí ag céimeanna éagsúla ina saol. Mar shampla, caithfidh naíonáin agus páistí faoi dhá bhliain d'aois dlúthchaidreamh a chothú le duine fásta trí chúram duine le duine, ach gur fearr do pháistí réamhscoile agus do pháistí is sine bheith ag measc adh le páistí dá gcomhaois. Ní mór páistí a bheith i dtimpeallacht shábháilte inar féidir leo bheith ar a suaimhneas, ach timpeallacht ina spreagtar iad chun a scileanna a fhorbairt. Má bhíonn do pháiste sona sásta leis an chúram lae, is amhlaidh a bheidh tú féin chomh maith.

DÉAN agus NÁ DÉAN

DÉAN…réitigh cúrsaí cúraim leanaí go luath. Más luaithe a thosaíonn tú más fearr an rogha a bheidh agat – agus ná dearmad gur minic a bhíonn liostaí feithimh i roinnt ceantar.

DÉAN…labhair le tuismitheoirí eile faoi shocruithe a bhfuil siadsan sásta leo. Seans go mbeidh siad in ann comhairle do leasa a chur ort. Is féidir leis an fhoireann Luathbhlianta áitiúil dea-chomhairle a chur ort faoi roghanna cúraim leanaí i do cheantar.

DÉAN…bí réidh chun am agus fuinneamh a chaitheamh ag fiosrú gach rogha le gur féidir leat rogha atá bunaithe ar eolas a dhéanamh.

DÉAN…cuir san áireamh na riachtanais a bheidh ort amach anseo agus féach le seasmhacht agus leanúnachas a chinntiú.

DÉAN…lean do chroí. Caithfidh do pháiste bheith slán agus faoi chúram maith. Ach tá an dóigh a mothaíonn tú faoin chúramóir chomh tábhachtach céanna.

NÁ DÉAN…ná bíodh aon deifir ort agus ná glac leis an rogha is túisce chugat. Is féidir ainm do pháiste a chur ar an liosta feithimh agus na roghanna eile a fhiosrú ag an am céanna.

NÁ DÉAN…ná déan aon socrú nach mbeidh tú ábalta a chomhlíonadh. Caithfidh tú bheith ionraic faoi na huaireanta atá de dhíth ort le go mbeidh a fhios ag gach duine cad é atá rompu.

NÁ DÉAN…Ná stad den chuardach go dtí go bhfuil tú lánsásta le do rogha. Ach, ná dearmad go mb'fhéidir go mbeidh ort bheith solúbtha sa chás nach dtig leat an réiteach a theastaíonn uait a aimsiú!

AG SOCRÚ CÚRAIM LEANAÍ – TREOIR GHASTA

1. Déan liosta. Is féidir leis an Fhoireann Luathbhlianta áitiúil liosta den soláthar cúraim lae cláraithe i do cheantar a chur ar fáil duit. Ní miste scairt ghutháin a chur ar roinnt ionad chun tuilleadh eolais a fháil sula dtugann tú cuairt orthu. Seo cuid de na ceisteanna is fiú a chur: An bhfuil áiteanna ar fáil faoi láthair nó an bhfuil liosta feithimh ann? An bhfuil aon srianta aoise ann? Cad iad na huaireanta a chuirtear ar fáil san ionad agus an riarfaidh sin ar na riachtanais agat? Cad iad na táillí a ghearrtar agus cad é a tharlaíonn le linn tréimhsí saoire?

2. Socraigh cuairt. Déan coinní chun oiread cineál cúraim lae agus is féidir a fheiceáil, agus féach chuige i gcónaí gur le linn uaireanta nuair a bhíonn páistí faoi chúram a thugann tú cuairt. Ar an dóigh sin is féidir an caidreamh cúramóir-páiste, páiste-cúramóir a mheas. Níor mhiste, b'fhéidir, liosta ceisteanna a bheith leat le tú a choinneáil fócasaithe.

3. Glac d'am chun do rogha a dhéanamh. An uair amháin a bheidh an t-eolas uile bailithe agat, cuir ceist ort féin cén rogha is fearr a riarann ar na riachtanais agat. Seo liosta de na critéir is fiú a úsáid: feiliúnacht, suíomh, costas, áit ar fáil agus "ar théigh tú" leis an áit, fiú. Níor mhiste an dara cuairt a thabhairt ar an ionad lena chinntiú go bhfuil an t-eolas agat atá de dhíth ort. Ag an phointe seo, is fiú labhairt le tuismitheoirí eile a bhfuil páistí leo ag freastal ar an ionad cheana.

4. Dearbhaigh do chinneadh. Ag an phointe seo gabh siar arís ar na mionsonraí m.sh. costas, na huaireanta, táille áirithíochta, srl. Ní mór conradh scríofa a úsáid chun téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe a dhearbhú. Ba chóir do sholáthraithe grúp-chúraim lae agus d'fheighlithe páistí araon conradh a ofráil duit.

5. Mionsonraí conartha. Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas luaite sa chonradh:

   - Táille áirithíochta go dtí go dtosóidh do pháiste
   - Socruithe maidir le tréimhsí tinnis – tusa tinn nó an cúramóir tinn
   - Táillí saoire
   - Uaireanta agus laethanta freastail do pháiste
   - Costais, agus údar na gcostas m.sh. bia, clúidíní srl.
   - Fad na tréimhse rábhaidh scoir don dá pháirtí

6. Eolas duit. Ba chóir go bhfaighfeá roinnt eolais scríofa faoi pholasaithe agus mhodhanna imeachta le go mbeidh sé soiléir agat cad é atá á ofráil ag an soláthraí. Tá sé seo níos coitianta i gcás grúpaí ach tá méadú ag teacht ar líon na bhfeighlithe linbh a bhfuil polasaithe scríofa á n-ullmhú acu.

7. Cabhair le Costais Chúraim Leanaí. I roinnt ceantar is féidir go mbeidh tú i dteideal cabhrach chun costas cúraim leanaí a ghlanadh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi seo ach dul i dteagmháil leis an Oifig Leasa Shóisialta agus fiafraí faoin fhóirdheontas Cúraim Leanaí a théann le Sochar Cánach Leanaí.

I nDEIREADH AN LAE – AN É SEO AN CÚRAMÓIR CEART DUIT?

- Éist le do chroí. Is féidir go mbeidh gach áis ag an chúramóir, agus go réitíonn sí go maith, de réir cosúlachta, leis na páistí faoina cúram. Ach, muna réitíonn sí leatsa maidir leis an chúram ba chóir don pháiste agat a fháil, is beag muinín a bheidh agat as an socrú.

- Fiafraigh faoin taithí acu ar chúram leanaí, agus faoi aon cháilíochtaí atá acu.

- Breathnaigh an caidreamh idir an chúramóir agus na páistí.

- Iarr an teastas clárúcháin a fheiceáil. De réir dlí anois ní mór bheith cláraithe leis na Seirbhísí Sóisialta agus léiríonn sé, chomh maith, go gcomhlíonann an cúramóir na bunchaighdeáin.

- Iarr mionsonraí faoin árachas atá ag an chúramóir.

- Labhair faoi cheisteanna tábhachtacha, m.sh. cothú, traenáil leithris, bainistiú iompair, na gníomhaíochtaí a bheidh ar fáil do na páistí srl.

- Fiafraigh cá mhéad páiste eile a bheidh faoi chúram i gcuideachta do pháiste féin. De réir riachtanas clárúcháin tá teorainn leis an líon seo. Is eolas rúnda é aon eolas faoi pháistí eile atá faoi chúram agus, dá bhrí sin, níl sé de cheart agat é a iarraidh. Ná dearmad, má labhraíonn an cúramóir leat faoi pháistí eile seans maith go labhróidh sí le daoine eile faoin pháiste agatsa chomh maith.

- Iarr ar an Fhoireann Luathbhlianta áitiúil cóip den chigireacht is deireannaí a rinneadh a chur ar fáil duit.

- Arís eile, éist le do chroí. Má mhothaíonn tú go bhfuil gach rud i gceart, gach seans gurb amhlaidh atá!

CÚRAM LEANAÍ – CÉN CINEÁL IS FEARR DUIT?

FEIGHLITHE LINBH

Is cúramóirí féin-fhostaithe iad feighlithe linbh a bhíonn lonnaithe ina dtithe féin. Aon duine ag a mbíonn páiste nó páistí faoina cúram ar feadh níos faide ná dhá uair an chloig in aon lá ar bith, ní mór di bheith cláraithe leis na Seirbhísí Sóisialta. Cláraítear an feighlí linbh agus a clann, an ball áitribh agus aon trealamh atá ar fáil. Ar an dóigh seo cinntítear go gcomhlíonfaidh siad na bunchaighdeáin. Déantar cigireacht fhoirmeálta bhliantúil ar fheighlithe linbh lena chinntiú go gcloítear le caighdeáin.
Le linn an phróisis chlárúcháin déantar nithe éagsúla a sheiceáil. Déanann na péas agus lucht cúraim leanaí gach duine sa teach a sheiceáil; déantar scrúdú sláinte, teistiméireachtaí agus measúnú feiliúnachta.
Is féidir le feighlithe linbh bheith cláraithe chun suas le seisear páistí faoi dhá bhliain déag d'aois a bheith faoina gcúram. As a measc siúd, ní cheadaítear níos mó ná triúr páistí a bheith faoi bhun cúig bliana. Cuirtear páistí an chúramóra san áireamh sna figiúirí seo. Ba chóir conradh scríofa a bheith agat leis an fheighlí linbh agat le go mbeidh a fhios ag gach duine cad é atá rompu maidir le pá saoire, uaireanta oibre, táillí áirithíochta srl.

Is féidir gur seo an cúram leanaí is fearr duit…

- Más mian leat cúram duine le duine a bheith ar fáil don pháiste agat i suíomh tíriúil.
- Más fearr leat cúram a thugtar i suíomh "teaghlaigh". B'fhéidir go bhfuil solúbthacht sna huaireanta de dhíth ort mar gheall ar na patrúin shealoibre neamhrialta agat.
- Más mian leat do pháiste a bheith i gcuideachta páistí d'aoiseanna difriúla.
- Más mian leat leanúnachas cúraim ó aois linbh go haois scoile agus in aois scoile.

Is féidir nach bhfeilfidh seo duit…

- Más mian leat do pháiste tairbhe a bhaint as an spreagadh a tharlaíonn de bharr bheith i gcuideachta páistí dá c(h)omhaois.
- Má mheasann tú amach anseo go mbeidh deacrachtaí agat tabhairt faoi cheisteanna nach bhfuil i do shásamh.

Ná dearmad a chinntiú…

- An feighlí linbh a bheith cláraithe faoi láthair leis na Seirbhísí Sóisialta áitiúla
- Clúdach árachais leordhóthanach a bheith acu
- Fearas sábháilteachta cuí a bheith acu, le haghaidh taistil sa charr san áireamh.
- Go gclúdaíonn an conradh gach a mbaineann leat agus le do riachtanais.

CÚRAM LEANAÍ – CÉN CINEÁL IS FEARR DUIT? ar lean…

Roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a chur…..

- Cá fhad í i mbun cúraim leanaí agus cad é an rud is fearr léi faoin obair?
- An dtig léi ainmneacha agus uimhreacha tuismitheoirí eile a bhfuil páistí acu faoina cúram a thabhairt duit? Is fiú teagmháil a dhéanamh leo.
- Cé na páistí eile a bheidh faoina cúram nuair a bheidh do pháiste féin ann?
- Cad iad na gníomhaíochtaí aois-fheiliúnacha a bheidh ar fáil ag do pháiste?
- Cad é an cineál sceidil lae a bhíonn i bhfeidhm?
- An féidir leis an fheighlí linbh bheith solúbtha maidir leis na huaireanta?
- Cén bia a bhíonn ar fáil?
- An mbíonn an teilifís ar obair go minic?
- Cad é an dearcadh atá ag an fheighlí linbh maidir le bainistiú mí-iompair, traenáil leithris agus codladh?

- Cén dóigh a mbeidh an feighlí linbh in ann an “obair tí” aici féin a dhéanamh chomh maith leis an chúram leanaí agus cad é mar a rachaidh seo i bhfeidhm ar an pháiste agat?
- Cé hiad na daoine fásta nó na páistí níos sine eile is dóiche a bheidh i ndlúth-theagmháil le do pháiste?
- Cad iad na socruithe atá déanta aici maidir le cúltaca éigeandála?

B’fhéidir go bhfuil ceisteanna eile agat, ach cuirfidh an liosta seo ag smaoineamh thú ar na rudaí ba mhaith leat a phlé le feighlí linbh.

BUIMÍ

Is buime í duine a amharcann i ndiaidh do pháistí i do theach féin. De réir dlí ní chaithfidh buimí a bheith cláraithe. Mar sin de, níl aon fhreagracht reachtúil ar na Seirbhísí Sóisialta (muna bhfuil siad ag tabhairt aire do dhá theaghlach). Níl aon dóigh le feiliúnacht buimí a sheiceáil seachas teistiméireachtaí a lorg agus cáilíochtaí a fhiosrú.
Is féidir le buime cónaí i do theach nó teacht chun tí agat gach lá. Bíonn difear sna costais ó cheantar go ceantar ach is féidir na costais a laghdú ach buime a roinnt le teaghlach eile. Is féidir go mbeidh sé deacair theacht ar bhuime de thairbhe nach bhfuil aon áisíneacht i limistéar BSSST. Is féidir fógra a chur ar na meáin áitiúla nó dul i dteagmháil leis an Fhoireann Luathbhlianta agat agus liosta feighlithe linbh a fháil. B'fhéidir go mbeadh ceann acu sásta theacht chuig do theach.

Is féidir gur seo an cineál cúraim is fearr duit…

- Más buntáiste leat duine a bheith ag teacht isteach chun tí agat agus ag socrú isteach i saol an teaghlaigh
- Más mian leat níos mó ionchuir a bheith agat maidir le sceideal lae do pháiste
- Má tá páistí d'aoiseanna éagsúla agat le haire a thabhairt dóibh.

Is féidir nach seo an cineál cúraim is fearr duit…

- Muna mian leat bheith freagrach as duine a fhostú agus ranníocaíochtaí cánach agus Árachais Náisiúnta a íoc
- Má mheasann tú go mbeadh do pháiste níos sásta agus níos spreagtha i gcomhluadar páistí eile
- Má bhíonn tú ag obair de réir buiséid atá teann go maith – bíonn buimí níos daoire.

Ná dearmad na rudaí seo a leanas a sheiceáil:

- Teistiméireachtaí. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach mar seans gurb í seo an t-aon dóigh amháin a bheidh agat le barúil na bhfostóirí a bhí aici cheana a fháil.
- Cáilíochtaí. Ní chaithfidh buime cáilíochtaí a bheith aici ach, má bhíonn, is ionann sin is a rá gur chomhlíon sí bunchaighdeáin inniúlachta agus go bhfuil buneolas maith aici ar riachtanais pháistí.
- Súilíocht. Ní mór an bhuime a bheith soiléir ina hintinn faoi cad é atáthar ag súil uaithi maidir le huaireanta, dualgais srl.

Roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a chur…

- Cad iad na cáilíochtaí atá aici?
- Cén taithí atá aici?
- An maith léi bheith ag obair le páistí?
- An duine eagraithe í?
- Cén tuiscint atá aici maidir leis an tábhacht a bhaineann le súgradh, cothú, traenáil leithris agus bainistiú iompair?
- An féidir libh aontú maidir leis an dóigh leis na páistí agat a láimhseáil?
- An dtuigeann sí go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn sí ag obair i gcomhar le tuismitheoirí?

NAÍOLANNA LAE

I naíolanna lae cuirtear cúram ar fáil do pháistí 6 seachtaine go 5 bliana – páistí réamhscoile. I roinnt naíolann cuirtear cúram Lasmuigh den Scoil ar fáil in aonaid shaorscartha. Tá trí chineál naíolainne ann – naíolanna príobháideacha, níolanna atá á reáchtáil ag an phobal, agus naíolanna a chuirtear ar fáil ag fostóirí. Caithfidh gach naíolann lae a bheith cláraithe leis na Seirbhísí Sóisialta agus déantar cigireacht bhliantúil orthu. Tá bunchaighdeáin ann nach mór a bheith i bhfeidhm i ngach áis – an cóimheas foirne/páistí, cóimheasanna spáis, gnéithe a bhaineann le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus cáilíochtaí bhall foirne.
Is iad 8r.n. go 6i.n. na huaireanta oscailte a bhíonn i bhfeidhm ag bunús na naíolann ó cheann ceann na bliana amach ó na féilte móra, An Nollaig mar shampla.

Is féidir gur seo an cineál cúraim is fearr duit…

- Más fearr leat do pháiste a bheith faoi chúram ag foireann cháilithe
- Má bhíonn cúram leanaí iontaofa de dhíth ort, m.sh. má bhíonn duine den fhoireann tinn go fóill féin is féidir le do pháiste freastal ar an naíolann
- Más mian leat go mbeidh leanúnachas cúraim ann – is féidir le do pháiste freastal ar an naíolann go dtí go dtosaíonn sé/sí ar scoil, agus ina dhiaidh sin fiú má bhíonn áis Lasmuigh den Scoil ag an naíolann.

Is féidir nach seo an cineál cúraim is fearr duit…

- Má bhíonn solúbthacht de dhíth ort maidir leis na huaireanta sa chás nach mbíonn tú ag obair go rialta ó 9rn-5in
- Má bhíonn turas fada/achrannach agat go dtí an naíolann
- Má bhíonn páistí eile agat le togáil ón scoil agus a fhágáil ag ionad cúraim lae
- Más fearr leat timpeallacht nádúrtha teaghlaigh
- Muna bhfuil fostóir "tuisceanach faoi chúrsaí clainne" agat…má bhíonn do pháiste tinn ní bheidh sé/sí in ann freastal ar an naíolann.

Ná dearmad na nithe seo a leanas a sheiceáil:

- Go bhfuil áit sa naíolann don pháiste agat ina aoisghrúpa féin
- Go bhfuil córas eochair-oibrí i bhfeidhm sa naíolann – sin le rá go mbeidh ball foirne ainmnithe don pháiste agat lena chinntiú go mbeidh leanúnachas cúraim ann
- Go bhfuil tú sásta leis an bhall áitribh, taobh istigh agus taobh amuigh, agus leis na cineálacha trealaimh agus na hábhair shúgartha atá á n-ofráil do pháistí
- Gur cosúil go bhfuil na páistí atá ann cheana sona sásta agus go bhfuil súil mhaith á coinneáil orthu ag an fhoireann atá ar dualgas.

Roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a chur…

- Cad é an cóimheas ball foirne/páistí atá ann?
- Cad iad leibhéil athraithe agus tinnis na foirne?
- Cad é an cineál sceidil lae atá i ndán don pháiste agat? Cad iad na gníomhaíochtaí atá ar fáil?
- Cad é an polasaí atá ann maidir le bainistiú iompair?
- Cad é an polasaí atá ann maidir le páistí a shocrú isteach?
- Cad iad na polasaithe eile atá i bhfeidhm ag an naíolann?
- Cad é a tharlaíonn má bhíonn tú buartha nó míshásta faoi rud éigin?
- An féidir leat cóip den chigireacht is deireannaí a rinne na Seirbhísí Sóisialta a fheiceáil?

GRÚPAÍ SÚGARTHA

I ngrúpaí súgartha réamhscoile cuirtear súgradh ar bhonn seisiúin ar fáil do pháistí 3-5 bliana d'aois. Is grúpaí súgartha príobháideacha nó grúpaí súgartha atá á reáchtáil ag an phobal bunús na ngrúpaí seo. Tá gach grúpa súgartha cláraithe leis na Seirbhísí Sóisialta agus déantar cigireacht bhliantúil orthu. Ní mór dóibh caighdeáin áirithe a chomhlíonadh agus cloí leo.
Maireann seisiúin ghrúpaí súgartha suas le 4 huaire an chloig agus is féidir go mbíonn siad ann ar maidin, san iarnóin nó iad beirt.

Is féidir gur seo an cineál cúraim is fearr duit…

- Muna bhfuil cúram lae iomláin de dhíth ort
- Más mian leat do pháiste réamhscoile comhluadar a dhéanamh le páistí dá (h)aoisghrúpa féin
- Más mian leat go mbeidh teacht ag do pháiste ar réimse leathan bréagán, trealaimh agus gníomhaíochtaí nach bhféadfá a chur ar fáil dó/di sa bhaile
- Más mian leat grúpa súgartha a nascadh le socrú atá déanta agat maidir le feighlíocht linbh
- Más mian leat cuidiú leis an ghrúpa súgartha agus go bhfuil an tsuim agus an t-am agat
- Más mian leat aithne a chur ar thuismitheoirí eile i do cheantar.

Is féidir nach seo an cineál cúraim is fearr duit…

- Muna bhfeileann na coinníollacha oibre agat d'uaireanta grúpa súgartha
- Má bhíonn sé deacair theacht ar an ghrúpa súgartha
- Más mian leat do pháiste a bheith i gcomhluadar páistí eile ó réimse aoiseanna.

Ná dearmad na nithe seo a leanas a sheiceáil:

- Go bhfuil teastas clárúcháin ó na Seirbhísí Sóisialta ag an ghrúpa súgartha
- Go bhfuil clúdach árachais leordhóthanach ag an ghrúpa súgartha
- Go bhfuil go leor ball foirne ann agus na cáilíochtaí cuí acu
- Gur cosúil go bhfuil na páistí sona sásta, go bhfuil súil mhaith á coinneáil orthu agus go mbíonn siad i mbun réimse de ghníomhaíochtaí cuí
- An struchtúr atá leis na seisiúin, m.sh. am ciúin, gníomhaíocht fhisiciúil, súgradh cruthaitheach srl.

Roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a chur…

- Cá mhéad ball foirne a bhíonn ar dualgas ag aon am ar bith?
- Cad iad na cáilíochtaí/taithí atá ag na baill foirne?
- Cad iad na polasaithe agus na modhanna imeachta atá ag an ghrúpa?
- An féidir leat fanacht le do pháiste go dtí gur cosúil go bhfuil sé/sí socair?

CÚRAM LASMUIGH DEN SCOIL

I gcumainn Lasmuigh den Scoil cuirtear cúram ar fáil do pháistí ó 4 – 12 bhliain d'aois. Bíonn siad ar fáil ag deireadh an lae scoile, sin le rá idir 2i.n. – 6i.n. go garbh chun riar ar thuismitheoirí atá ag obair. Agus ofrálann siad cúram lae iomláin, de ghnáth, le linn laethanta saoire scoile.
Sna cumainn seo cuirtear seirbhís ar fáil chun na páistí a thógáil ón scoil agus bíonn imeachtaí á reáchtáil acu go dtí go dtagann na tuismitheoirí faoina gcoinne.
Tá na háiseanna uile Lasmuigh den Scoil cláraithe leis na Seirbhísí Sóisialta agus déantar cigireacht bhliantúil orthu.

Is féidir gur seo an cineál cúraim is fearr duit…

- Má bhíonn duine de dhíth ort le do pháiste a thógáil ón scoil
- Más mian leat deis a bheith ag do pháiste tairbhe a bhaint as réimse leathan gníomhaíochtaí
- Más mian le do pháiste súgradh le cairde i ndiaidh na scoile.

Is féidir nach seo an cineál cúraim is fearr duit…

- Muna bhfuil na huaireanta a ofráltar sa chumann solútha go leor duit
- Má tá páiste óg agat nach mian leis/léi bheith páirteach i ngníomhaíochtaí tuirsiúla i ndiaidh na scoile
- Má bhíonn deacrachtaí ag do pháiste meascadh le grúpaí páistí d'aoiseanna measctha.

Ná dearmad na nithe seo a leanas a sheiceáil:

- Leibhéil foirníochta, cáilíochtaí agus taithí
- Leibhéil mhaoirseachta – is féidir go mbeidh duifear eatarthu de réir na ngníomhaíochtaí atá á gcur ar fáil
- Cad é an próiseas atá i bhfeidhm maidir le páistí ag clárú isteach agus amach – is féidir go measfaidh roinnt páistí is sine gur cheart go mbeadh sé de chead acu teacht agus imeacht de réir mar is mian leo
- Cá fhad roimh ré a chaithfear áit a chur in áirithe – is féidir gur beag é líon na gcumann i do cheantar agus go bhfuil liostaí feithimh acu.

Roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a chur…

- Cad iad na gníomhaíochtaí atá ar fáil do na páistí?
- An mbíonn na páistí scartha de réir aoisghrúpaí?
- Cá mhéad de na baill foirne a bhfuil cáilíochtaí garchabhrach acu?
- Cad iad na polasaithe agus na modhanna imeachta atá ag an ghrúpa?

SCÉIMEANNA SAMHRAIDH

Is ar bhonn séasúrach, ar ndóigh, a reáchtáiltear scéimeanna samhraidh agus, dá bhrí sin, bíonn teorainn ama ag dul leo. Bíonn siad á reáchtáil ag eagraíochtaí éagsúla – grúpaí deonacha, grúpaí eaglasta nó comhairlí áitiúla.
Is minic, de réir dlí, nach gá na scéimeanna seo a bheith cláraithe leis na Seirbhísí Sóisialta. Sin ráite, áfach, ba chóir do lucht a n-eagraithe polasaithe agus modhanna imeachta a ullmhú atá ar aon dul leis na cinn atá i bhfeidhm ag grúpaí cúraim lae eile chun sláinte, cosaint agus leas na bpáistí a bhíonn faoina gcúram a chinntiú.
Ba chóir go mbeadh na heaglaisí agus na comhairlí áitiúla in ann tú a chur ar an eolas faoi na scéimeanna atá ar fáil i do cheantar.

Ná dearmad na nithe seo a leanas a sheiceáil:

- Cáilíochtaí ar bith atá ag baill foirne, garchabhair san áireamh
- Cá mhéad ball foirne a bhíonn ar dualgas ag aon am ar bith?
- Cá mhéad páiste a ndéantar freastal orthu?
- Cad iad na modhanna imeachta maidir le clárú isteach agus amach?
- Cad é a tharlaíonn má éiríonn do pháiste tinn nó má bhaineann taisme dó/di?
- Cén struchtúr a bheidh ar an lá?

CREISEANNA

Is iomaí cineál creise atá ar fáil, rud a fhágann gur doiligh sainmhíniú cruinn a thabhairt! De ghnáth, is ar bhonn seisiúin a reáchtáiltear creiseanna. Bíonn siad á reáchtáil ag coláistí chun tacú le tuismitheoirí sa bhreisoideachas, nó ag ollmhargadh le gur féidir le tuismitheoirí an tsiopadóireacht a dhéanamh ar a suaimhneas. In amanna bíonn creis ar fáil chun cúram lae a sholáthar le gur féidir le tuismitheoirí freastal ar chomhdháil.
Aon chreis a bhíonn ar fáil ar feadh níos mó ná 2 uair an chloig in aon lá ar bith, nó níos mó ná 6 lá in aon bhliain, caithfear í a chlárú leis na Seirbhísí Sóisialta agus déanfaidh siad cigireacht uirthi.
Más mian leat tuilleadh eolais faoi chreiseanna déan teagmháil, le do thoil, leis an Fhoireann Luathbhlianta áitiúil agat.

NAÍONRAÍ

Bíonn naíonraí á mbainistiú ag na Boird Oideachais agus Leabharlainne agus níl siad cláraithe ag na Seirbhísí Sóisialta.
9r.n. – 2i.n. na huaireanta oscailte acu de ghnáth le linn téarmaí scoile, agus riarann siad ar pháistí sa bhliain réamhscoile acu.
Más mian leat tuilleadh eolais faoi naíonraí déan teagmháil, le do thoil, le do Bhord Oideachais agus Leabharlainne áitiúil.

SOLÁTHAR CÚRAIM LAE – NA NITE IS FÉIDIR A BHEITH AG SÚIL LEO

Tá na hIontaobhais Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta freagrach as clárú, monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar gach áis chúraim lae do pháistí faoi bhun 12 bliain d'aois.
Ní mór do gach soláthraí cúraim leanaí caighdeáin áirithe a shásamh chun ceadú a fháil, agus na caighdeáin seo a choinneáil chun an stádas cláraithe sin a choinneáil.
Áirítear i measc na gcaighdeán: cáilíochtaí agus taithí na mball foirne, caighdeán an chúraim, ball áitribh, trealamh, sláinte agus sábháilteacht, polasaithe agus modhanna imeachta.

Tá a oibrí sóisialta naisc féin ag gach áis chúraim lae taobh istigh de na Foirne Luathbhlianta agus déantar cigireacht bhliantúil ar gach áis agus tugtar cuairteanna taca agus monatóireachta orthu i rith na bliana chomh maith.
Muna measann an oibrí sóisialta atá i mbun cigireachta go bhfuil na caighdeáin á sásamh, tabharfar comhairle agus tacaíocht ar an dóigh leis an scéal a chur ina cheart. Leagtar síos teorainn ama leis seo, de ghnáth, inar chóir go mbeadh an áis ábalta a léiriú go bhfuil na caighdeáin á sásamh acu.
De ghnáth fáiltíonn áiseanna roimh an phróiseas cigireachta mar go gcuidíonn sé leo féin-mheasúnú a dhéanamh orthu féin agus chun ullmhúchán a dhéanamh don chigireacht bhliantúil.

Agus is dea-scéala é seo do thuismitheoirí! Beidh a fhios agaibh, dá bharr, go bhfuil na caighdeáin atá leagtha síos á sásamh ag soláthraithe cúraim leanaí atá cláraithe leis na hIontaobhais áitiúla agus go gcoinníonn na hIontaobhais súil orthu maidir leis na hard-chaighdeáin seo.

Tá sé de chead agat an tuarascáil chigireachta is deireannaí a iarraidh le go bhfeicfidh tú cad é leis a dtig leat a bheith ag súil ó sholáthraí.

Sin ráite, áfach, ná dearmad go bhfuil sé de dhualgas ort féin, mar thuismitheoir, súil a choinneáil ar chaighdeán an chúraim leanaí a úsáideann tú, agus áit á cur in áirithe agat nó ar bhonn leanúnach.

Nithe sábháilteachta le seiceáil…

- Coinnigh súil ar áiseanna taobh amuigh agus istigh, agus labhair leis an chúramóir faoi rudaí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach – geataí, linnte lapadaíola, staighre, an chistin, agus fiafraigh faoi na réamhchúraimí atá i bhfeidhm chun páistí ó aoisghrúpaí éagsúla a chosaint.
- Féach chuige go mbíonn eolas suas chun dáta ag do chúrmóir faoi fhorbairt do linbh maidir le cúrsaí sábháilteachta – nuair a thosaíonn do pháiste ag lámhacán nó ag dreapadh, mar shampla.
- Más feighlí linbh atá agat beidh a fhios agat cé acu caitheann sí nó nach gcaitheann, nó an bhfuil peataí aici. Ach, cad é faoi na cairde aici? Aon chontúirt ann go gcaitheann siadsan, nó an bhfuil madraí acu?
- Coinnigh súil ar na bréagáin atá ar fáil don pháiste agat le súgradh leo. An bhfuil dóigh mhaith orthu? An bhfuil siad sábháilte? An bhfeileann siad d'aois do pháiste?
- Má tá do pháiste ag dul ar thuras bí cinnte go bhfuil na sonraí uile agat. Cá mhéad ball foirne a bheidh i láthair? Cad iad na cáilíochtaí/an taithí atá acu?

AGUS AR DEIREADH…

Ná dearmad agus éist le do chroí. Má tá tú míshásta leis an chúramóir lae labhair leo agus féach leis na deacrachtaí a réiteach. Má mheasann tú nach dtig leat é seo a dhéanamh, nó go bhfuil tú buartha faoi leibhéal an chúraim atá á fháil ag do pháiste féin, nó ag aon pháiste eile, déan teagmháil leis an Fhoireann Luathbhlianta áitiúil agat féin. Cé go bhfuil dualgas ar Sheirbhísí Sóisialta a chinntiú go bhfuil caighdeáin á sásamh agus á gcoinneáil, tá freagracht ar thuismitheoirí ina leith seo chomh maith. I ndeireadh an lae, is iad na tuismitheoirí a bhíonn i dteagmháil laethúil leis an soláthraí cúraim lae, chan ionann is Oibrithe Sóisialta.

Má tá tú féin agus do pháiste sásta leis an chúram, bí ar do shuaimhneas agus bain sult as!

Liosta teagmhálacha

Cinnirí Foirne Luathblianta

Ms Karen Young
Oibrí Sóisialta Sinsearach – Foireann Luathbhlianta
Iontaobhas Sláinte & Seirbhísí Sóisialta Causeway
Teach Bhruach na hAbhann
28 Bóthar Phort na Binne Uaithne
CÚIL RAITHIN BT52 1RN Teil: 028 70358158

Mrs Bernie Brown
Oibrí Sóisialta Sinsearach – Foireann Luathbhlianta
Iontaobhas Pobail Homefirst
Ardán Audley
27 Bóthar Bhaile Monaidh
AN BAILE MEÁNACH Teil: 028 25641207

Mrs J Quinn
Oibrí Sóisialta Sinsearach – Foireann Luathbhlianta
Iontaobhas Pobail Homefirst
Teach Speerin
43 Ascaill na Banríona
MACHAIRE FÍOLTA BT45 6BX Teil: 028 79301700

Mrs Barbara Wilson
Oibrí Sóisialta Sinsearach – Foireann Luathbhlianta
Iontaobhas Pobail Homefirst
Sráid Ellis
CARRAIG FHEARGHASA BT38 8AZ Teil: 028 93315112

NIPPA – An Eagraíocht Luathbhlianta

NIPPA
6a Wildfower Way
Bóthar Apollo
BÉAL FEIRSTE BT12 6TA Teil: 028 90662825

Cumann Feighlíochta Linbh Thuaisceart Éireann

Oifigeach Eolais & Comhairle
Cumann Feighlíochta Linbh Thuaisceart Éireann
16/18 Sráid an Mhuilinn
BAILE NUA NA hARDA BT23 4LU Teil: 028 91811015

PlayBoard

PlayBoard TÉ
59-65 Sráid Eabhrac
BÉAL FEIRSTE BT15 1AA Teil: 028 90803380

Páirtnéireacht Chúraim Leanaí

Páirtnéireacht Chúraim Leanaí Thuaisceart Éireann
Bord Sláinte & Seirbhísí Sóisialta an Tuaiscirt
Halla an Chontae
182 Bóthar Galgorm
AN BAILE MEÁNACH BT42 1QB Teil: 028 25667662

Boird Oideachais & Leabharlainne

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oir-Thuaiscirt
Halla an Chontae
182 Bóthar Galgorm
AN BAILE MEÁNACH BT42 1QB 028 25653333

Bord Oideachais & Leabharlainne an Deiscirt
3 Plás Charlemont
ARD MHACHA BT61 9AX 028 37512383

Is féidir sonraí faoi Chuairteoirí Baile a fháil ó Íoclann an Ghnáthdhochtúra áitiúil. Is féidir go mbeidh siad ábalta tú a chur ar an eolas faoi chúrsaí a bhaineann leis an soláthar cúraim leanaí áitiúil.